2026/2505

13.11.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2505 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Samhain 2026

lena gceartaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1971 ón gCoimisiún lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1279 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin chomhchuibhithe maidir le lámhainní cosanta le haghaidh gruagairí, éadaí cosanta ar bháisteach, agus cosaint súl agus aghaidhe le haghaidh úsáid cheirde a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1971 ón gCoimisiún ([2]) leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1279 ón gCoimisiún ([3]) chun na tagairtí do cheithre chaighdeán chomhchuibhithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus chun na tagairtí do sheacht gcaighdeán chomhchuibhithe, a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), a tharraingt siar.

(2) Is gá Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1971 a cheartú chun earráid in Airteagal 2 a cheartú a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm phointe (1) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh sin. Ba cheart feidhm a bheith ag an bpointe sin 18 mí ó dháta foilsithe an Chinnidh sin.

(3) Ós rud é go bhfuil feidhm ag Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1971 ó bhí an 4 Meán Fómhair 2026 ann, ba cheart feidhm a bheith ag an gceartúchán dá bhforáiltear sa Chinneadh seo ón dáta sin freisin chun comhsheasmhacht agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú.

(4) I bhfianaise an ghá atá ann an earráid sin a cheartú gan mhoill, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1971 ón gCoimisiún an 3 Meán Fómhair 2026 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1279 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin chomhchuibhithe maidir le lámhainní cosanta le haghaidh gruagairí, éadaí cosanta ar bháisteach, agus cosaint súl agus aghaidhe le haghaidh úsáid cheirde a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2026/1971, 4.9.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/1971/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1279 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2026 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh trealamh cosanta pearsanta arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941 ón gCoimisiún (IO L, 2026/1279, 16.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/1279/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le trealamh cosanta pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 89/686/CEE ón gComhairle (IO L 81, 31.3.2016, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/425/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartúchán ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1971

In Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1971, cuirtear isteach an dara mír seo a leanas:

'Beidh feidhm ag pointe (1) d'Iarscríbhinn I ón 4 Márta 2028.'

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 4 Meán Fómhair 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN